C/2026/3199

9.6.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1226 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1225 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear

(C/2026/3199)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle [1] arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1226 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1225 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/1532, agus i Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear. Tugtar na forais leis na daoine sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 iad, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle am ar bith. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a chur chuig an seoladh seo a leanas faoin 19 Meitheamh 2026:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 186, 25.7.2023, lch. 20.
[2] IO L, 2026/1226, 8.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1226/oj.
[3] IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.
[4] IO L, 2026/1225, 8.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1225/oj.